*Bliain 7 / Primary 7*

**An Gabhar sa Scoil**

Isteach sa scoil shiúil sean ghabhar
Is shuigh sé síos ar stól,
Thóg sé fód as lár na tinneadh
Is d'ith sé é mar lón.

As a phóca thóg sé leabhar beag
Is thosaigh sé ag léamh,
Is rinne sé damhsa dúinn ansin
Is a mheigheal thuas san aer.

Ag dul amach an doras dó
Chaoch sé súil amháin,
"Is iontach an áit an scoil," ar sé,
"Ach b'fhearr liom bheith sa pháirc."